Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Uimhir Iarrthóra | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2011

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Cúrsa Iomlán

Páipéar 2
Ardsraith

G5804

**[G5804]**

**DÉARDAOIN 16 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin ar an scrúdpháipéar seo.
Comhlánaigh é le peann gorm nó le peann dubh.
**Ná scríobh le peann luaidhe ná le peann glóthaí**.
Freagair **gach ceann** de na **deich** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo, le 5 mharc ar a mhéad san áireamh ag dul do chaighdeán na cumarsáide scríofa.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| CCS | |
| **Marc Iomlán** | |

6866.02

**Uimhir Scrúdaitheora**

| | | | Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Marcanna | Athmharc |

**1** **(a)** Tá oifigeach scrúdaithe i ndiaidh bunachar sonraí coibhneasta a chruthú le sonraí a stóráil ar dhaltaí atá le scrúduithe a dhéanamh. Tá cuid den bhunachar sonraí le feiceáil thíos.

**TÁBLA DALTAÍ**

| ID Dalta | Sloinne | Ainm | Dáta Breithe | Inscne |
|---|---|---|---|---|
| 1000 | Devlin | Anna | 10/01/1995 | B |
| 1001 | Kane | John | 15/03/1995 | F |
| 1002 | Walsh | Jack | 12/09/1994 | F |
| 1003 | Taylor | Eleanor | 01/01/1993 | B |
| 1004 | Smyth | Lesley | 26/05/1993 | B |
| 1005 | Doherty | Mark | 01/04/1993 | F |

**TÁBLA SCRÚDUITHE**

| Cód Scrúdaithe | Ainm Scrúdaithe |
|---|---|
| GCSE01 | TFC |
| GCSE02 | Matamaitic |
| GCSE03 | Tíreolaíocht |
| GCSE04 | Stair |
| GCSE05 | Ealaín |
| GCSE06 | Fraincis |

Beidh John Kane ag dul do na scrúduithe Tíreolaíochta agus Ealaíne
Beidh Eleanor Taylor agus Anna Devlin ag dul don scrúdú TFC.
Beidh Mark Doherty agus Jack Walsh ag dul don scrúdú Fraincise.

Bain úsáid as an fhaisnéis a tugadh agus na táblaí DALTAÍ agus SCRÚDUITHE leis an tábla **DALTA-SCRÚDÚ** anseo thíos a chomhlánú. Tá iontrálacha a bhaineann le John Kane déanta.

**TÁBLA DALTA-SCRÚDÚ**

| **ID Dalta** | **Cód Scrúdaithe** |
|---|---|
| 1001 | GCSE03 |
| 1001 | GCSE05 |
| | |
| | |
| | |
| | |

[4]

**(b)** Ionchuirtear sonraí sa bhunachar agus cuirtear faisnéis ar fáil don úsáideoir deiridh.

**(i)** Cad é an difear idir **sonraí** agus **faisnéis**?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Tá an t-oifigeach scrúdaithe ag iarraidh liosta a chruthú ar a mbeidh **Ainm, Sloinne, Cód Scrúdaithe** agus **Ainm Scrúdaithe** mar a bhaineann le gach cailín a bheidh ag dul don scrúdú TFC.

Comhlánaigh an tábla thíos. Scríobh isteach an t-ainm réimse ceart nó an critéar ceart sna spásanna neamhscáthaithe chuige sin.

| **Ainm tábla** | **DALTA** | **DALTA** | **DALTA-SCRÚDÚ** | **SCRÚDÚ** | **DALTA** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm réimse** | [1] | **Sloinne** | **Cód Scrúdaithe** | [1] | [1] |
| **Critéir** | | | | [1] | **=“F”** |

**(c)** Cad é an difear idir **bunachar sonraí coibhneasta** agus **bunachar sonraí simplí**?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

| Iomlán Ceist 1 | |
|---|---|
| | |

**2** Fágann gabháil sonraí gur féidir sonraí a ionchur i ríomhchóras.

**(a)** Sampla de ghabháil sonraí is ea **AMO (OMR)**.

**(i)** Forbair an t-acrainm **AMO (OMR**).

______________________________ [1]

**(ii)** Luaigh feidhmiúchán **AMHÁIN** atá ag AMO (OMR)?

______________________________ [1]

**(iii)** Luaigh **DHÁ** bhuntáiste as AMO (OMR) a úsáid in ionad sonraí a ionchur le méarchlár.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(b)** Mínigh an dóigh a bhféadfaí **AOC (OCR)** a úsáid le cuidiú le dalta atá i ndiaidh an chóip leictreonach dá obair chúrsa a chailleadh ach a bhfuil cóip chrua (phriontáilte) aige go fóill.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(c)** Is féidir tionchar a bheith ag formáidí comhaid ar iniomparthacht sonraí. Cad é is **iniomparthacht sonraí** ann?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(d)** Sa tábla thíos, luaigh cén míniú atá le gach **cineál Comhaid** agus cé acu formáid comhaid chomhbhrúite é nó nach ea. Tá an chéad cheann déanta.

| Cineál Comhaid | Míniú | Comhbhrúite? |
|---|---|---|
| RTF | Formáid Mhéith-Théacs | Ní hea |
| JPEG | | |
| TXT | | |
| MPEG | | |

[6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Ceist 2 | |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Tá Sarah i ndiaidh a bheith istigh i suíomh gréasáin le péire nua bróg a cheannach dá damhsa foirmeálta scoile. Tá go leor áiseanna ar fáil sa suíomh gréasáin.

**(a)** Seachas earraí a cheannach, luaigh dóigh **AMHÁIN** eile ar féidir le Sarah gach ceann de na háiseanna thíos a úsáid.

**(i)** Cuntas custaiméara ar líne.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Áis rianaithe ordaithe.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Cuirtear ar fáil sa suíomh gréasáin chomh maith faisnéis faoi **Sheachadtaí** agus faoi **Earraí Ar Ais**. Cad é mar a thiocfadh le custaiméirí feidhm a bhaint as faisnéis atá i ngach ceann den dá chuid seo den suíomh gréasáin?

Seachadtaí ______________________________________________

______________________________________________

Earraí Ar Ais ______________________________________________

______________________________________________ [2]



[Tiontaigh an leathanach

**(c)** Chuir Sarah ordú isteach ar phéire bróg sa suíomh gréasáin. Nuair a tháinig na bróga, áfach, bhí dath orthu a bhí rud beag éagsúil leis an dath ar na bróga sa ghrianghraf sa suíomh gréasáin.

**(i)** Luaigh fadhb **AMHÁIN** eile is féidir a bheidh ag Sarah de bharr bróga a bheith ceannaithe ar líne aici.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **DHÁ** bhuntáiste **don chomhlacht** as earraí a sholáthar do chustaiméirí trí mheán suíomh gréasáin.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Ceist 3 | |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Tá an Dochtúir de Brún, dochtúir áitiúil, i ndiaidh ríomhchóras leictreonach coinní a chur isteach agus tá sí ag dul a bhaint feidhm as córas ríomhphoist in ionad meaisín facsála.

**(a)** Luaigh **DHÁ** bhuntáiste as córas ríomhphoist a úsáid seachas córas facsála.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(b)** Luaigh fáth **AMHÁIN** ar chóir don Dochtúir de Brún an meaisín facsála a choinneáil.

______________________________ [1]

**(c)** Luaigh **DHÁ** phíosa faisnéise is féidir a fháil ón ríomhchóras leictreonach coinní.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(d)** Tá socrú déanta ag an dochtúir córas SMS a cheannach lena bheith ábalta am coinne a chur i gcuimhne do na hothair.

**(i)** Sa tábla thíos, ticeáil (✓) an **DÁ** ráiteas atá **FÍOR** faoi **SMS**.

| **Ráiteas** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí is ciall le SMS | |
| Caithfear fón póca a úsáid le teachtaireacht SMS a sheoladh | |
| Is féidir teachtaireacht SMS a fháil le linn scairt ghutháin | |
| Is féidir le húsáideoirí grianghraif a sheoladh trí mheán SMS | |

[2]

**(ii)** Luaigh **AON** mhíbhuntáiste **AMHÁIN do na hothair** as an mhodh seo cur i gcuimhne a bheith in úsáid.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(e)** Tá an Dochtúir de Brún i ndiaidh **CDP (PDA)** a cheannach.

**(i)** Forbair an t-acrainm **CDP (PDA)**.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **DHÁ** ghné den CDP (PDA) a bhaineann feidhm as **PFGS (WAP)**.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Ceist 4 | |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Is óstán nua é Radharc na Canála. Tá rochtain ar an Idirlíon le cur ar fáil sna seomraí codlata do gach aoi.

Níl an bainisteoir cinnte cé acu ba chóir dó nasc **LPLT (PSTN)** nó nasc **LDNR (ADSL)** a shuiteáil faoi choinne na n-aíonna.

**(a)** **(i)** Forbair an t-acrainm **LDNR (ADSL)**?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh fáth **AMHÁIN** le nasc LDNR (ADSL) a úsáid seachas nasc LPLT (PSTN).

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

Chomh maith leis sin, ba mhaith leis an bhainisteoir rochtain gan sreang ar an Idirlíon a chur ar fáil d'aíonna i bhforsheomra an óstáin.

**(b)** Luaigh míbhuntáiste **AMHÁIN** as naisc Idirlín gan sreang a úsáid.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

Deir teicneoir TF (IT) an óstáin leis go gcaithfidh sé **ródaire** gan sreang a shuiteáil i bhforsheomra an óstáin do na haíonna.

**(c)** Cad é is feidhm le **ródaire** ar líonra?

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Caithfidh an bainisteoir Soláthróir Seirbhísí Idirlín SSI (ISP) a roghnú ina dhiaidh sin.

**(d)** Luaigh **DHÁ** áis a bhíonn á soláthar ag **SSI (ISP)**.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

Ba mhaith leis an bhainisteoir ríomhairí na foirne a nascadh lena chéile ar LAN (Líonra Achair Logánta) le cábla snáthoptaice.

**(e)** **(i)** Cad é mar a aistrítear sonraí ar **chábla snáthoptaice**?

______________________________

______________________________ [1]

**(ii)** Luaigh buntáiste **AMHÁIN** as cábla snáthoptaice a úsáid le sonraí a aistriú.

______________________________

______________________________ [1]

**(iii)** Luaigh míbhuntáiste **AMHÁIN** as cábla snáthoptaice a úsáid le sonraí a aistriú.

______________________________

______________________________ [1]

Iomlán Ceist 5

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Tá comhlacht ag Alan a dhearann suíomhanna gréasáin. Agus teile-oibriú i bhfeidhm, is féidir leis foireann a fhostú i ngach cearn den Ríocht Aontaithe.

**(a) (i)** Luaigh **DHÁ** fhadhb a d'fhéadfadh a bheith ag Alan dá mbeadh an fhoireann uilig fostaithe ar bhonn teile-oibrithe.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Luaigh **DHÁ** míbhuntáiste **don fhoireann** as teile-oibriú.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]



**[Tiontaigh an leathanach**

**(b)** Ba mhaith le Alan comhrá idirghníomhach a bheith aige le gach ball den fhoireann ag an aon am amháin.

Sa tábla thíos, ticeáil (✓) **DHÁ** mhodh cumarsáide a d'fhágfadh gur féidir leis é seo a dhéanamh.

| **Modh Cumarsáide** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Cur teachtaireachtaí meandracha | |
| SMS | |
| Físchomhdháil | |
| Facsáil | |
| Ríomhphost | |
| MMS | |

[2]

**(c)** Sa tábla thíos, ticeáil (✓) **AON** phost **AMHÁIN nach** bhféadfaí a dhéanamh trí mheán teile-oibrithe.

| **Post** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Ríomhchláraitheoir | |
| Oibreoir deasc chabhrach | |
| Dearthóir crua-earraí | |
| Teicneoir TFC | |

[1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Ceist 6 | |
| | |

**7** Is bainisteoir ar ionad scairteanne é Micheál agus tá oiliúint ar Shláinte agus Shábháilteacht á tairiscint aige don fhoireann ar fad maidir le ríomhaire a úsáid.

Ba mhaith leis comhairle a chur orthu maidir leis na stáisiúin oibre ríomhaire a choinneáil slán.

**(a)** Luaigh **3 ghortú** choitianta a éiríonn as ró-úsáid ríomhairí.

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________ [3]

**(b)** Luaigh **DHÁ** mhír comhairle is féidir le Micheál a thabhairt don fhoireann a chuideodh le gortú a éiríonn as ró-úsáid ríomhairí a chosc.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(c)** Luaigh **DHÁ** mhír comhairle ba chóir do Mhicheál a thabhairt don fhoireann a chuideodh le taismí san ionad oibre a chosc.

1. ______________________________

______________________________


2. ______________________________

______________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Ceist 7 | |
| | |

**8** Bíonn baiscphróiseáil in úsáid ag comhlachtaí leictreachais agus gáis le billí a chruthú dá gcustaiméirí.

Tá cur síos sa léaráid thíos ar na príomhchéimeanna a bhaineann le cruthú billí faoi choinne custaiméirí.




**(a)** Mínigh cad chuige a gcaithfear an comhad idirbhirt a shórtáil isteach san ord céanna agus atá ar an mháistirchomhad.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Sa tábla thíos, ticeáil (✓) **an DÁ** mhír sonraí a athróidh i ndiaidh chumasc an mháistirchomhaid leis an chomhad idirbhirt.

| **Athruithe ar na taifid chustaiméara** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Uimhir Custaiméara | |
| Léamh méadair roimhe seo | |
| Seoladh Custaiméara | |
| Iomlán an bhille dheireanaigh | |
| Ainm Custaiméara | |

[2]

**(c)** Luaigh **DHÁ** mhodh a bhféadfadh foireann léite méadar feidhm a bhaint astu le sonraí a bhailiú ar úsáid gáis nó leictreachais ag custaiméirí.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

Cuirtear ar fáil na mílte bille faoi choinne custaiméirí agus gach baisc á próiseáil.

**(d)** Luaigh fáth **AMHÁIN nach** mbeadh scairdphrintéir fóirsteanach don tasc seo.

______________________________________________

______________________________________________ [1]



**[Tiontaigh an leathanach**

Ba mhaith le roinnt custaiméirí na billí acu a fháil ar ríomhphost agus gan cóip phriontáilte a fháil.

**(e)** Luaigh buntáiste **AMHÁIN** *don chomhlacht* as billí a sheoladh ar ríomhphost.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**(f)** Luaigh **DHÁ** mhíbhuntáiste *don chomhlacht* as billí a chur ar fáil do chustaiméírí trí bhaiscphróiseáil.

1. ____________________________________________________________________

______________________________________________________________________

2. ____________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**(g)** Luaigh feidhmiúchán **AMHÁIN** eile a mbíonn baiscphróiseáil in úsáid ann.

______________________________________________________________________ [1]

Caithfear sonraí ionchuir a fhíorú roimh aon phróiseáil.

**(h)** Déan cur síos ar mhodh **AMHÁIN** le sonraí a fhíorú.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Ceist 8 | |
| | |

**9** Is minic córais réaltachta fhíorúla agus ionsamhlúcháin in úsáid faoi choinne oiliúint agus cluichí.

**(a)** Luaigh **AON** bhuntáiste **AMHÁIN** as córais réaltachta fhíorúla a úsáid le hoiliúint a chur ar fhoireann.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Luaigh **DHÁ** mhíbhuntáiste as córais réaltachta fhíorúla a úsáid le hoiliúint a chur ar fhoireann.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

In amanna bíonn ailtirí ag baint úsáid as córais réaltachta fhíorúla le samhail 3T a chruthú de na foirgnimh atá á ndearadh acu.

**(c)** Luaigh buntáiste **AMHÁIN** *do chliaint* as córais réaltachta fhíorúla a úsáid ar an dóigh seo.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(d)** Seachas oiliúint a chur ar fhoireann, luaigh sampla **AMHÁIN** den dóigh a bhféadfaí réaltacht fhíorúil a úsáid i gcúrsaí leighis.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(e)** Luaigh **DHÁ** ghléas crua-earraí a bhíonn in úsáid le córais chluichíochta réaltachta fhíorúla i gcluichí stuara.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(f)** Luaigh **DHÁ** dhifear atá ann idir **ionsamhlúcháin** agus **réaltacht fhíorúil**.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Ceist 9 | |
| | |

**10** Tá an Ríocht Aontaithe i mbun athrú mór i dtreo teilifís dhigiteach.

**(a)** Luaigh **3** bhuntáiste atá ag teilifís dhigiteach ar theilifis analógach mar a bhaineann leis **an lucht féachana**.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

Beidh tionchar ag an athrú go teilifís dhigiteach ar chomhlachtaí teilifíse agus ar lucht féachana.

**(b)** Luaigh **AON** mhíbhuntáiste **AMHÁIN** do **chomhlachtaí craoltóireachta teilifíse** as teilifís dhigiteach a thabhairt isteach agus luaigh **DHÁ** fháth nach mbeadh **cuid den lucht féachana** sásta glacadh leis an athrú go teilifís dhigiteach.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [3]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Ceist 10 | |
| | |
| Caighdeán na Cumarsáide Scríofa | |
| | |

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.